# Ráiteas Beartais maidir leis na Meáin Shóisialta

Úsáideann an Bord Pleanála an suíomh meán sóisialta, Twitter, chun faisnéis ábhartha a roinnt leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara.

## Cuspóir

- Feasacht a mhéadú ar conas achomharc nó iarratas a dhéanamh nó tuairim a thabhairt don Bhord Pleanála, le naisc chuig na treoracha ábhartha.
- Feasacht agus tuiscint ar ról an Bhoird Pleanála a mhéadú.
- Preaseisiúintí, nuashonruithe ar éisteachtaí ó bhéal, cinntí, staitisticí, agus faisnéis phraiticiúil eile ar sheirbhísí atá ar fáil tríd an mBord Pleanála a scaipeadh.

## Cathain a bhíonn sé ar fáil?

Tá an cuntas á bhainistiú ag aonad cumarsáide an Bhoird Pleanála. Beidh @anbordpleanala ag feidhmiú idir 10.00am agus 4.00pm ó Luan go hAoine.

## Ceisteanna

Ní féidir linn cáschomhaid aonair ná cinntí a phlé, aiseolas a sholáthar ná freagra a thabhairt ar leantóirí tríd an ardán meán sóisialta. **Ní** bhreathnaítear ar theachtaireacht a sheoltar trí twitter mar theagmháil leis an mBord do chuspóirí oifigiúla. Caithfear gach teagmháil den sórt sin a dhéanamh trínár n-aonaid ghnó trí na seoltaí atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin: **Déan teagmháil linn**

Ná cuir faisnéis phearsanta/phríobháideach i dteachtaireacht má tá tú ag tvuíteáil @anbordpleanala.

## Beartas Modhnóireachta

Ní ghlacann an Bord Pleanála le freagracht as ábhar aon tuairimí nó fógraíocht ó thríú páirtithe a phostáiltear chuig an ardán seo agus bainfear tuairimí a mheasann an Bord:

- atá maslach, graosta nó mígheanasach go hiomlán nó go páirteach, nó a nascann le hábhar dá leithéid,
- nach bhfuil bainteach leis an ábhar a phostáiltear,
- atá clúmhillteach nó a d'fhéadfadh a bheith clúmhillteach,
- gur turscar iad nó ina ndéantar táirgí a chur chun cinn nó a fhógairt,
- a ceapadh le bheith ina núis do riarthóir an leathanaigh nó d'úsáideoirí eile.

## Séanadh agus Ráiteas Príobháideachta Meán Sóisialta

Is ar do phriacal féin a úsáideann tú láithreáin ghréasáin na meán sóisialta. Ní ghlacann an Bord Pleanála le haon fhreagracht ná dliteanas as aon ghortú, caillteanas nó damáiste a thabhaítear mar thoradh ar aon úsáid den fhaisnéis nó brath ar an bhfaisnéis agus ábhar atá laistigh de nó a íoslódáiltear ó aon láithreáin ghréasáin nasctha a phostáiltear ar an ardán meán sóisialta seo. Ar aon nós, ní mór do gach ábhar a phostáiltear ar Twitter cloí leis na téarmaí úsáide arna leagan síos ag an ardán meán sóisialta ábhartha. Maidir leis seo, iarrtar ort a chur san áireamh go mbaineann na beartais phríobháideachta, ráitis agus treoir arna bhfoilsiú ag líonraí meán sóisialta leis an úsáid a bhaineann tú as cuntas meán sóisialta an Bhoird Pleanála, Twitter, agus molaimid duit na beartais phríobháideachta seo a léamh mar go nochtann siad faisnéis thábhachtach faoin tslí a ndéanann na líonraí meán sóisialta leithleacha seo d'inneachar agus d'fhaisnéis a bhailiú, a choinneáil, agus a úsáid, b'fhéidir.

Baineann an ráiteas seo le cleachtais phríobháideachta an Bhoird Pleanála maidir lenár gcuntas meán sóisialta (Twitter). Tá meas iomlán ag an mBord Pleanála ar do cheart chun príobháideachta agus próiseálfaidh sé aon sonraí pearsanta a bhailímid uait, nó a sholáthraíonn tú dúinn, de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí. Níl an Bord Pleanála freagrach as ábhar nó cleachtais phríobháideachta na ngréasán meán sóisialta.